2023/2430

3.11.2023

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/2430 ÓN gCOIMISIÚN

an 17 Lúnasa 2023

lena leagtar síos rialacha maidir le seiceálacha ar chomhréireacht le caighdeáin mhargaíochta le haghaidh earnáil na dtorthaí agus na nglasraí, táirgí áirithe torthaí agus glasraí próiseáilte agus earnáil na mbananaí

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 90a(6), an chéad fhomhír, pointe (c), agus Airteagal 91, an chéad fhomhír, pointe (b), (d) agus (g), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Bunaítear le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 comheagraíocht margaí táirgí talmhaíochta lena n-áirítear, i measc cinn eile, earnáil na dtorthaí agus na nglasraí, earnáil na dtorthaí agus na nglasraí próiseáilte agus earnáil na mbananaí. Tugann sé de chumhacht don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh i dtaobh seiceálacha ar chomhréireacht le caighdeáin mhargaíochta agus fógraí gaolmhara.

(2) Le Rialachán Cur chun Feidhme ón gCoimisiún (AE) Uimh. 543/2011 ([2]) déantar foráil do chaighdeáin mhargaíochta agus sheiceálacha ar chomhréireacht le caighdeáin mhargaíochta le haghaidh torthaí agus glasraí úra uile agus ceanglais maidir le fógraí. Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1333/2011 ón gComhairle ([3]) lena leagtar síos caighdeáin mhargaíochta, rialacha maidir le fíorú a dhéanamh ar chomhlíontacht na gcaighdeán margaíochta sin agus na ceanglais le haghaidh fógraí in earnáil na mbananaí.

(3) Ar mhaithe le soiléireacht, is iomchuí na rialacha go léir a ionchorprú maidir le seiceálacha ar chomhréireacht agus ceanglais um fhógraí faoi neamhchomhréireacht le haghaidh na dtáirgí agus na n-earnálacha atá clúdaithe ag Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2429 ([4]) in aon rialachán amháin, agus an taithí a fuarthas maidir le cur i bhfeidhm na Rialachán sonrach reatha á cur san áireamh. Ina theannta sin, aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 543/2011 agus Rialachán (AE) Uimh. 1333/2011 le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2429.

(4) Chun críocha na seiceálacha roghnaitheacha bunaithe ar anailís riosca dá bhforáiltear in Airteagal 90a(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, is rialacha soiléire a leagan síos maidir leis na seiceálacha sin. Go háirithe, ba cheart ról na hanailíse riosca agus táirgí á roghnú le haghaidh seiceálacha a bheith mionsonraithe.

(5) Ba cheart do gach Ballstát na comhlachtaí cigireachta a ainmniú atá freagrach as seiceálacha comhréireachta a dhéanamh ag gach céim den mhargaíocht. Ba cheart d'údarás inniúil aonair a bheith freagrach as teagmhálaithe leis agus comhordú idir na comhlachtaí cigireachta ainmnithe uile.

([1]) IO L 347, 20.12.2013, lch. 671.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 543/2011 ón gCoimisiún an 7 Meitheamh 2011 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle i ndáil leis na hearnálacha torthaí agus glasraí agus torthaí agus glasraí próiseáilte (IO L 157, 15.6.2011, lch. 1).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún (AE) Uimh. 1333/2011 an 19 Nollaig 2011 lena leagtar síos caighdeáin mhargaíochta le haghaidh bananaí, rialacha maidir le comhlíontacht leis na critéir sin a fhíorú agus ceanglais um fhógraí in earnáil na mbananaí (IO L 336, 20.12.2011, lch. 23).

([4]) Rialachán Tarmligthe (AE) ón gCoimisiún 2023/2429 an 17 Lúnasa 2023 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin mhargaíochta le haghaidh earnáil na dtorthaí agus na nglasraí, táirgí áirithe torthaí agus glasraí próiseáilte agus earnáil na mbananaí agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) 1666/1999 ón gCoimisiún agus Rialacháin Chur Chun Feidhme (AE) Uimh. 543/2011 agus (AE) Uimh. 1333/2011 ón gCoimisiún (IO L 2023/2429, 3.11.2023, ELI link: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2023/2429/oj).

(6) Ós rud é go bhfuil eolas ar thrádálaithe agus a gcuid príomhshaintréithe ina uirlis fíor-riachtanach in anailís na mBallstát, tá sé fíor-riachtanach bunachar sonraí a bhunú ar thrádálaithe torthaí agus glasraí agus bananaí i ngach Ballstát. Chun a áirithiú go gclúdaítear na gníomhaithe uile sa tslabhra margaíochta agus ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil, ba cheart sainmhíniú mionsonraithe ar 'thrádálaí' a leagan síos.

(7) Ba cheart seiceálacha comhréireachta a dhéanamh trí shampláil agus ba cheart go ndíreofaí iad ar na trádálaithe ag a mbeidh earraí nach gcomhlíonann na caighdeáin mhargaíochta. Agus saintréithe a gcuid margaí náisiúnta á gcur san áireamh, ba cheart do Bhallstáit rialacha a leagan síos lena dtugtar tosaíocht do sheiceálacha ar chatagóirí áirithe trádálaithe. Ar mhaithe le trédhearcacht, ba cheart fógra a thabhairt don Choimisiún faoi na rialacha sin.

(8) I gcás ina shainaithnítear cleachtais chalaoiseacha nó mheabhlacha féideartha i dtaobh na gcaighdeán margaíochta le seiceálacha comhréireachta, ba cheart d'údaráis inniúla gníomhaíocht iomchuí a ghlacadh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]) agus fógraí faoi chalaois a mhalartú i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1715 ([6]).

(9) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gcloíonn allmhairí torthaí agus glasraí chuig tríú tíortha leis na caighdeáin mhargaíochta. Ba cheart do na Ballstáit comhréireacht a áirithiú le Tuiscint na Ginéive faoi chaighdeánú torthaí agus glasraí úra agus torthaí tirime agus triomaithe, arna dtabhairt i gcrích laistigh de Choimisiún Eacnamaíocht na Náisiún Aontaithe don Eoraip (UNECE), agus leis an Scéim um chur i bhfeidhm caighdeán idirnáisiúnta le haghaidh torthaí agus glasraí de chuid na hEagraíochta um Chomhair agus Forbairt Eacnamaíochta (OCFE).

(10) Ba cheart d'allmhairí torthaí agus glasraí ó thríú tíortha a bheith comhréireach leis na caighdeáin mhargaíochta atá coibhéiseach leo. Ba cheart seiceálacha comhréireachta a dhéanamh dá bhrí sin sula dtéann na hearraí isteach i gcríoch chustaim an Aontais, ach amháin i gcás luchtóg beag a mheasann na comhlachtaí cigireachta go bhfuil riosca íseal ag baint leo. Ba cheart a fhoráil maidir le tríú tíortha áirithe a sholáthraíonn ráthaíochtaí sásúla faoi chomhréireacht, go bhféadfaidh comhlachtaí cigireachta na dtríú tíortha sin na seiceálacha réamhonnmhairiúcháin a dhéanamh. I gcás ina gcuirtear an rogha sin i bhfeidhm, ba cheart do Bhallstáit éifeachtacht agus cáilíocht na seiceálacha réamhonnmhairiúcháin arna ndéanamh ag comhlachtaí cigireachtaí tríú tíortha a fhíorú go tráthrialta.

(11) Maidir le torthaí agus glasraí a sheiceáiltear i gcomhair comhréireachta leis na caighdeáin mhargaíochta ba cheart go mbeidís faoi réir an chineáil chéanna seiceála ag gach céim den mhargaíocht. Chuige sin, ba cheart na modhanna cigireachta a mholann an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE) a chur i bhfeidhm freisin. Ba cheart socruithe sonracha a leagan síos, áfach, le haghaidh seiceálacha ag céim an mhiondíola.

(12) D'fhonn comhleanúnachas a áirithiú idir na caighdeáin mhargaíochta agus a gcuid seiceálacha, ba cheart an Rialachán sin a theacht i bhfeidhm, agus go mbeadh feidhm aige ón lá céanna le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2429.

(13) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Chomheagrú na Margaí Talmhaíochta,

([5]) Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialacháin (CE) Uimh. 1/2005 agus (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 agus (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE ón gComhairle agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) (IO L 95, 7.4.2017, lch. 1).

([6]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1715 ón gCoimisiún an 30 Meán Fómhair 2019 lena leagtar síos rialacha maidir le feidhmiú an chórais bainistíochta faisnéise do rialuithe oifigiúla agus comhpháirteanna a chórais (Rialachán CBFRO) (IO L 261, 14.10.2019, lch. 37).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I

FORÁLACHA RÉAMHRÁITEACHA

Airteagal 1

Ábhar agus raon feidhme

Leis an Rialachán seo leagtar rialacha síos maidir leis an méid seo a leanas:

(a) seiceálacha ar chomhréireacht le caighdeáin mhargaíochta le haghaidh na n-earnálacha agus na dtáirgí dá dtagraítear in Airteagal 1 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2429 ag gach céim mhargaíochta; agus na ceanglais maidir le fógraí faoi neamhchomhréireacht tar éis seiceálacha comhréireachta.

(b) na ceanglais maidir le fógraí faoi neamhchomhréireacht tar éis seiceálacha comhréireachta.

CAIBIDIL II

SEICEÁLACHA AR CHOMHRÉIREACHT LE CAIGHDEÁIN MHARGAÍOCHTA

ROINN 1

Forálacha ginearálta

Airteagal 2

Údaráis chomhordúcháin agus comhlachtaí cigireachta

1. Sannfaidh gach Ballstát:

(a) údarás inniúil aonair a bheidh freagrach as comhordú agus teagmhálaithe sna réimsí atá cumhdaithe leis an Rialachán seo, dá ngairtear 'an t-údarás comhordúcháin anseo feasta'; agus

(b) comhlacht nó comhlachtaí cigireachta a bheidh freagrach as an Rialachán seo a chur i bhfeidhm, dá ngairtear 'na comhlachtaí cigireachta' anseo feasta'.

2. Féadfaidh na húdaráis chomhordúcháin agus na comhlachtaí cigireachta dá dtagraítear i mír 1 a bheith poiblí nó príobháideach. Beidh na Ballstáit freagrach astu i gceachtar cás.

Déanfaidh na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún faoi na nithe seo a leanas:

(a) ainm agus seoltaí poist agus ríomhphoist an údaráis chomhordúcháin a d'ainmnigh siad de bhun mhír 1, pointe (a);

(b) ainm agus seoltaí poist agus ríomhphoist na gcomhlachtaí cigireachta a d'ainmnigh siad de bhun mhír 1, pointe (b);

(c) an tuairisc bheacht ar réimsí gníomhaíochta faoi seach na gcomhlachtaí cigireachta atá ainmnithe acu.

3. Féadfaidh an t-údarás cigireachta nó ceann de na comhlachtaí cigireachta nó aon chomhlacht eile atá ainmnithe de bhun mhír 1 a bheith ina údarás comhordúcháin.

4. Cuirfidh an Coimisiún ar fáil go poiblí an liosta d'údaráis chomhordúcháin arna n-ainmniú ag na Ballstát ar shuíomh gréasáin Europa.

Airteagal 3

Bunachar sonraí na dtrádálaithe

1. Bunóidh na Ballstáit bunachar sonraí ar thrádálaithe sna hearnálacha agus sna táirgí dá dtagraítear in Airteagal 1 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2429 (dá ngairtear 'bunachar sonraí trádálaithe' anseo feasta'), faoi na coinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo.

Chun na críche seo, féadfaidh Ballstáit aon bhunachar sonraí nó aon bhunachair sonraí a úsáid atá bunaithe chun críoch eile.

2. Chun críocha an Rialacháin seo, ciallaíonn 'trádálaí' aon duine nádúrtha nó duine dlítheanach:

(a) a bhfuil earraí ina seilbh dá dtagraítear in Airteagal 1 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2429, d'fhonn:

   (i) iad a thaispeáint nó a thairiscint le díol;

   (ii) iad a dhíol;

   (iii) iad a mhargú ar aon bhealach eile; nó

(b) a dhéanann ceann ar bith de na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (a) maidir leis na hearnálacha agus na táirgí atá faoi réir caighdeán margaíochta.

Cumhdóidh na gníomhaíochtaí dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointe (a):

(a) díolachán cian cibé acu tríd an idirlíon nó ar bhealach eile;

(b) gníomhaíochtaí den sórt sin arna ndéanamh ag an duine nádúrtha nó dlítheanach dó féin nó thar ceann tríú páirtí;

(c) gníomhaíochtaí arna ndéanamh san Aontas agus/nó trí honnmhairiú chuig tríú tíortha agus/nó allmhairiú ó thríú tíortha.

3. Is iad na Ballstáit a chinnfidh na coinníollacha a gcuirfear nó nach gcuirfear na trádálaithe seo a leanas san áireamh i mbunachar sonraí na dtrádálaithe fúthu:

(a) trádálaithe a gcumhdaítear lena ngníomhaíochtaí táirgí a liostaítear in Airteagal 3 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2429 nó táirgí atá díolmhaithe ón oibleagáid na caighdeáin mhargaíochta a chomhlíonadh de bhun Airteagal 5 den rialachán céanna;

(b) daoine nádúrtha nó dlítheanacha a bhfuil a gcuid gníomhaíochtaí teoranta d'iompar earraí;

(c) trádálaithe a bhfuil a gcuid gníomhaíochtaí do dhíol ag céim a mhiondíola.

4. I gcás ina bhfuil bunachar sonraí na dtrádálaithe déanta suas de go leor gnéithe sainiúla ar leithligh, áiritheoidh an t-údarás comhordúcháin go mbeidh an bunachar sonraí, a chuid gnéithe agus a nuashonrú aonfhoirmeach.

5. Cuimseoidh bunachar sonraí na dtrádálaithe an méid seo a leanas maidir le gach trádálaí:

(a) an uimhir chlárúcháin, ainm agus seoladh agus an léiriú ar na hearnálacha nó na táirgí ábhartha lena n-oibríonn sé i measc na gceann dá dtagraítear i mír 1;

(b) faisnéis atá riachtanach chun é aicmiú i gceann de na catagóirí riosca dá dtagraítear in Airteagal 5(3), go háirithe, seasamh sa slabhra margaíochta agus faisnéis maidir le tábhacht an chomhlachta;

(c) faisnéis maidir le fionnachtana a rinneadh le linn seiceálacha roimhe sin ar gach trádálaí;

(d) aon fhaisnéis eile a mheastar a bheith riachtanach le haghaidh seiceálacha ar nós faisnéise maidir le córas dearbhaithe cáilíochta nó córas féinseiceála a bheith ann i ndáil leis an gcomhréireacht leis na caighdeáin mhargaíochta;

(e) léiriú maidir le cibé acu ar formheasadh nó nár formheasadh an trádálaí i gcomhréir le hAirteagal 4.

Déanfaidh na Ballstáit nuashonrú ar bhunachar sonraí na dtrádálaithe i gcás inar gá, agus aird tugtha ach go háirithe ar an bhfaisnéis arna bailiú le linn seiceálacha comhréireachta.

6. Gan dochar do mhír 3, beidh na trádálaithe uile cláraithe agus soláthróidh siad an fhaisnéis a mheasfaidh na Ballstáit a bheith riachtanach chun bunachar sonraí na dtrádálaithe a bhunú agus a nuashonrú. Is iad na Ballstáit a chinnfidh na dálaí faoina gcuirfear san áireamh ar a mbunachar sonraí trádálaithe nach bhfuil bunaithe ina gcríoch ach atá ag trádáil air.

Airteagal 4

Trádálaithe formheasta

1. Féadfaidh na Ballstáit trádálaithe a údarú atá aicmithe sa chatagóir riosca is ísle i gcomhréir leis na seiceálacha comhréireachta dá dtagraítear in Airteagal 5, arna iarraidh sin dóibh agus faoi réir ráthaíochtaí speisialta a sholáthar maidir le cloí le caighdeáin mhargaíochta, chun:

(a) an deimhniú comhréireachta dá dtagraítear in Airteagal 7 a shíniú;

(b) an sampla atá leagtha amach in Iarscríbhinn I le haghaidh torthaí agus glasraí úra agus bananaí arna dtáirgeadh san Aontas a úsáid, agus gach pacáiste á lipéadú ag céim an tseolta; nó

(c) an deimhniú díolúine atá leagtha amach in Iarscríbhinn II a úsáid le haghaidh bananaí a tháirgtear i dtríú tíortha.

Féadfaidh na Ballstáit srian a chur leis na húdaruithe dá dtagraítear sa chéad fhomhír do cheann amháin nó dhá cheann de na hearnálacha agus na táirgí dá dtagraítear in Airteagal 1 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2429.

Beidh feidhm ag an deimhniú díolúine dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointe (c), maidir le margadh iomlán an Aontais le haghaidh bananaí arna ndíluchtú sa Bhallstát a dheonaigh an díolúine.

2. Deonófar an t-údarú le haghaidh tréimhse 1 bhliain amháin ar a laghad.

3. Maidir le trádálaithe a thairbheoidh den fhéidearthacht dá dtagraítear i mír 1:

(a) beidh foireann chigireachta acu a mbeidh oiliúint curtha orthu nó a mbeidh taithí ábhartha acu;

(b) beidh trealamh oiriúnach acu chun táirgí a ullmhú, a phacáil agus a sheiceáil;

(c) tabharfaidh siad gealltanas chun seiceáil comhréireachta a dhéanamh ar na hearraí a sheolann siad agus beidh clár acu ina ndéanfar taifead ar na seiceálacha uile a dhéanfar;

(d) ceadóidh siad seiceálacha ag údaráis chomhordúcháin.

4. I gcás nach gcloíonn trádálaí formheasta a thuilleadh leis na ceanglais le haghaidh a údaraithe, tarraingeoidh an Ballstát siar an t-údarú.

5. Bunóidh Ballstáit liosta de thrádálaithe formheasta ina léireofar an uimhir chlárúcháin dá dtagraítear in Airteagal 3(5), an chéad fhomhír, pointe (a), chomh maith leis na táirgí agus an tréimhse ar deonaíodh an t-údarú lena n-aghaidh. Glacfaidh na Ballstáit bearta iomchuí chun an fhaisnéis sin a chur ar fáil go poiblí.

ROINN 2

Seiceálacha comhréireachta arna ndéanamh ag na Ballstáit

Airteagal 5

Seiceálacha comhréireachta

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar na seiceálacha comhréireachta go roghnaitheach, ar bhonn anailíse riosca, agus le minicíocht iomchuí, d'fhonn comhlíontach a áirithiú leis, agus cleachtais chalaoiseacha nó mheabhlacha fhéideartha a shainaithint i dtaobh na gcaighdeán margaíochta a leagtar síos le hAirteagal 75 agus 76 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2429.

D'fhéadfaí a áireamh leis na critéir chun an riosca a mheasúnú:

(a) deimhniú comhréireachta dá dtagraítear in Airteagal 7 den Rialachán seo agus arna eisiúint ag údarás inniúil a bheith ann;

(b) deimhniú comhréireachta a bheith ann arna eisiúint ag údarás inniúil tríú tíre i gcás ina bhfuil na seiceálacha comhréireachta formheasta i dtaobh Airteagal 8 den Rialachán seo;

(c) nádúr an táirge, tréimhse an táirgthe, praghas an táirge, an aimsir, na hoibríochtaí pacála agus láimhseála, na coinníollacha stórála, an tír thionscnaimh, an modh iompair nó méid an bhirt;

(d) méid na dtrádálaithe, a seasamh sa tslabhra mhargaíochta, an méid nó an luach arna mhargú acu, a raon táirgí, an limistéar seachadta nó an cineál gnó a dhéantar amhail stóráil, sórtáil, pacáil nó díolachán;

(e) torthaí a fuarthas le linn seiceálacha a rinneadh roimhe seo lena n-áirítear líon agus cineál na bhfabhtanna a aimsíodh, gnáthcháilíocht na dtáirgí a mhargaítear, feidhmíocht an trealaimh theicniúil a úsáidtear;

(f) iontaofacht chórais dearbhaithe cáilíochta na dtrádálaithe nó a gcuid córas féinseiceála a bhaineann le comhréireacht le caighdeáin mhargaíochta;

(g) an áit ina dhéantar an tseiceáil, go háirithe más é pointe na chéad iontrála isteach san Aontas, nó an áit ina bhfuil na táirgí á bpacáil nó á luchtú;

(h) aon fhaisnéis eile a d'fhéadfadh riosca neamhchomhlíonta a léiriú.

2. Measfar gur toisc a laghdaíonn riosca na neamhchomhréireachta iad na deimhnithe comhréireachta dá dtagraítear i mír 1, an dara fomhír, pointe (b).

3. Beidh an anailís riosca bunaithe ar an bhfaisnéis atá cuimsithe i mbunachar sonraí na dtrádálaithe dá dtagraítear in Airteagal 3 agus aicmeoidh Ballstáit trádálaithe i gcatagóirí ar bhonn an anailís riosca sin.

Déanfaidh na Ballstáit na nithe seo a leanas a leagan síos roimh ré:

(a) na critéir chun measúnú a dhéanamh ar an riosca a bhaineann le neamhchomhréireacht luchtóg;

(b) cion íosta na dtrádálaithe nó na luchtóg agus/nó na gcainníochtaí a bheidh faoi réir seiceála comhréireachta, ar bhonn anailís riosca le haghaidh gach catagóire riosca.

Maidir le táirgí atá faoi réir an chaighdeán ginearálta margaíochta, ar bhonn anailíse riosca, féadfaidh na Ballstáit a roghnú gan seiceálacha roghnaitheacha a dhéanamh.

4. I gcás ina léirítear leis na seiceálacha go bhfuil neamhrialtachtaí móra ann, déanfaidh na Ballstáit méadú ar mhinicíocht na seiceálacha i ndáil le trádálaithe, táirgí, tionscnaimh, nó paraiméadair eile lena mbaineann.

5. Cuirfidh trádálaithe an fhaisnéis agus na saoráidí uile ar fáil do chomhlachtaí cigireachta a mheasann na comhlachtaí siúd a bheith riachtanach chun seiceálacha comhréireachta a eagrú agus a dhéanamh.

Airteagal 6

Dearbhuithe a ghlacadh ag na húdaráis chustaim

1. Ní fhéadfaidh na húdaráis chustaim glacadh le dearbhuithe onnmhairiúcháin agus/nó dearbhuithe chun na táirgí faoi réir na gcaighdeán sonrach margaíochta a scaoileadh le haghaidh saorchúrsaíochta ach má chomhlíontar ceann de na coinníollacha seo a leanas:

(a) gabhann deimhniú comhréireachta mar a thagraítear dó in Airteagal 7 leis na hearraí nó, i gcás bananaí, gabhann an deimhniú comhréireachta atá leagtha amach in Iarscríbhinn II leo; nó

(b) tá fógra tugtha ag an gcomhlacht cigireachta inniúil don údarás custaim gur eisigh sé deimhniú comhréireachta le haghaidh na luchtóg lena mbaineann; nó

(c) tá fógra tugtha ag an gcomhlacht cigireachta inniúil don údarás custaim nár eisigh sé deimhniú comhréireachta le haghaidh na luchtóg lena mbaineann toisc nárbh gá iad a sheiceáil i bhfianaise na hanailíse riosca dá dtagraítear in Airteagal 5(1).

Beidh glacadh leis na dearbhuithe dá dtagraítear sa chéad fhomhír gan dochar d'aon seiceálacha comhréireachta a fhéadfaidh an Ballstát a dhéanamh de bhun Airteagal 5.

2. Féadfaidh Ballstáit mír 1 a chur i bhfeidhm freisin ar tháirgí faoi réir na gcaighdeán ginearálta margaíochta atá leagtha amach i gCuid A d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2429 agus táirgí dá dtagraítear in Airteagal 5(1), pointe (a)(i), den Rialachán Tarmligthe má mheasann an Ballstát gur gá i bhfianaise na hanailíse riosca dá dtagraítear in Airteagal 5(1) den Rialachán seo.

Airteagal 7

Deimhniú comhréireachta agus deimhniú díolúine

1. Féadfaidh údarás inniúil deimhnithe comhréireachta le haghaidh glasraí agus torthaí úra nó bananaí atá faoi réir caighdeán margaíochta nó deimhnithe díolúine i gcomhair bananaí.

Eisítear an deimhniú díolúine le deimhniú go gcloíonn na táirgí lena mbaineann leis an gcaighdeán margaíochta ábhartha. Tá an deimhniú comhréireachta atá le húsáid ag údaráis inniúla san Aontas leagtha amach in Iarscríbhinn III.

Maidir le torthaí agus glasraí úra, in áit deimhnithe comhréireachta arna n-eisiúint ag údaráis inniúla san Aontas, féadfaidh na tríú tíortha dá dtagraítear in Airteagal 8(2) a gcuid deimhnithe comhréireacha féin a úsáid, ar choinníoll go bhfuil ar a laghad faisnéis iontu atá coibhéiseach le deimhniú an Aontais. Cuirfidh an Coimisiún samplaí de dheimhnithe tríú tíre den sórt sin ar fáil go poiblí ar shuíomh gréasáin Europa.

2. Féadfaidh an t-údarás inniúil an deimhniú díolúine a eisiúint le deimhniú go bhfuil na hinniúlachtaí ag an trádálaí formheasta atá i gceist le comhréireacht na mbananaí allmhairithe leis an gcaighdeán margaíochta ábhartha a dhearbhú. Tá an deimhniú díolúine leagtha amach in Iarscríbhinn II.

3. Féadfaidh an t-údarás inniúil na deimhnithe a eisiúint i bhformáid páipéir lena stampa nó i bhformáid leictreonach fhíoraithe. Síneoidh an duine nó na daoine atá cumhachtaithe ag an údarás inniúil chun é sin a dhéanamh le síniú lámhscríofa nó leictreonach. Féadfaidh trádálaithe atá formheasta de bhun Airteagal 4 an deimhniú comhréireachta a shíniú freisin le síniú lámhscríofa nó leictreonach.

4. Eiseofar na fógraí i gceann amháin de theangacha oifigiúla an Aontais ar a laghad.

5. Beidh sraithuimhir ar gach deimhniú, lena bhféadtar é a shainaithint. Coimeádfaidh an t-údarás inniúil cóip de gach deimhniú eisithe.

ROINN 3

Seiceálacha comhréireachta arna ndéanamh ag tríú tíortha

Airteagal 8

Formheas seiceálacha comhréireachta arna ndéanamh ag tríú tíortha roimh onnmhairiú isteach san Aontas

1. Sonrófar in iarratas tríú tíre ar an bhformheas dá dtagraítear in Airteagal 9(1) den Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2429 an t-údarás oifigiúil sa tríú tír a ndéantar seiceálacha ar chomhréireacht le caighdeáin mhargaíochta atá leagtha amach sa Rialachán Tarmligthe sin faoina freagracht. Beidh an t-údarás sin freagrach as teagmhálaithe leis an gCoimisiún. Freisin soláthróidh an t-iarratas ar fhormheas an fhaisnéis is gá chun na ceanglais a mheasúnú dá dtagraítear in Airteagal 9(4) den Rialachán Tarmligthe sin.

2. Tá na tríú tíortha ina bhfuil na seiceálacha comhréireachta formheasta faoi na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 9 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2429 agus san Airteagal seo, agus na táirgí lena mbaineann, leagtha amach in Iarscríbhinn IV leis an Rialachán seo. Maidir le haon fhormheas nua, déanfaidh an Coimisiún an Iarscríbhinn sin a nuashonrú i gcomhréir le hAirteagal 91, an chéad mhír, pointe (f), de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.

3. Cuirfidh an Coimisiún sonraí faoi na húdaráis oifigiúla agus na comhlachtaí cigireachta lena mbaineann ar fáil go poiblí ar shuíomh gréasáin Europa.

Airteagal 9

Formheas na seiceálacha comhréireachta a chur ar fionraí

Féadfaidh an Coimisiún formheas na seiceálacha comhréireachta arna ndéanamh ag tríú tíortha a chur ar fionraí má fhaightear, maidir le líon suntasach luchtóg agus/nó cainníochtaí, nach gcomhfhreagraíonn na hearraí don fhaisnéis sna deimhnithe comhréireachta arna n-eisiúint ag comhlachtaí cigireachta na dtríú tíortha. I gcás go gcuirtear formheas ar fionraí, nuashonróidh an Coimisiún Iarscríbhinn IV i gcomhréir le hAirteagal 91, an chéad mhír, pointe (f), de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.

ROINN 4

Modhanna cigireachta

Airteagal 10

Modhanna cigireachta agus rialacha maidir le fionnachtana neamhchomhréireachta

1. Déanfar na seiceálacha comhréireachta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, cé is moite díobh siúd ag an bpointe miondíola leis an tomhaltóir deireadh i gcomhréir leis na modhanna cigireachta a leagtar síos in Iarscríbhinn V, ach amháin mar a fhoráiltear a mhalairt sa Rialachán seo nó i Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2429.

Déanfaidh na Ballstáit socruithe sonracha a leagan síos chun comhréireacht a sheiceáil ag an bpointe miondíola leis an gcustaiméir deiridh.

2. I gcás go bhfaigheann an comhlacht cigireachta go bhfuil na hearraí comhréireach leis na caighdeáin mhargaíochta, féadfaidh an comhlacht cigireachta a eisiúint mar a leagtar amach in Iarscríbhinn III i gcomhréir le hAirteagal 7.

3. I gcás go bhfaigheann an comhlacht cigireachta nach bhfuil na hearraí comhréireach leis na caighdeáin mhargaíochta, eiseoidh an comhlacht cigireachta fionnachtain neamhchomhréireachta le cur faoi bhráid an trádálaí nó a n-ionadaithe. Ní fhéadfadh earraí a bhfuil fionnachtain neamhchomhréireachta eisithe maidir leo a bhogadh gan údarú an chomhlachta cigireachta a d'eisigh an fhionnachtain sin. Féadfaidh an t-údarú sin a bheith faoi réir na gcoinníollacha a leagfaidh an comhlacht cigireachta síos.

Féadfaidh trádálaithe a chinneadh na hearraí uile nó cuid díobh a thabhairt chun comhréireachta. Ní fhéadfar earraí atá tugtha chun comhréireachta a mhargú sula n-áiritheoidh an comhlacht cigireachta le ar na bealaí iomchuí uile go bhfuil na hearraí tugtha chun comhréireachta iarbhír. Ní eiseoidh an comhlacht cigireachta, i gcás inarb infheidhme, deimhniú comhréireachta mar a leagtar amach in Iarscríbhinn III le haghaidh an bhirt nó cuid de go mbeidh na hearraí tugtha chun comhréireachta.

Má ghlacann comhlacht cigireachta le hiarratas trádálaí na hearraí a thabhairt chun comhréireachta i mBallstát seachas an Ballstát ina ndearnadh an tseiceáil a raibh fionnachtain neamhchomhréireachta mar thoradh uirthi, tabharfaidh an trádálaí fógra do chomhlacht cigireachta an Bhallstáit is ceann scríbe faoin luchtóg neamhchomhréireach. Seolfaidh an Ballstát a eiseoidh fionnachtain neamhchomhréireachta cóip den fhionnachtain sin chuig an mBallstát is ceann scríbe don bheart neamhchomhréireach chomh maith leis na Ballstáit eile lena mbaineann.

I gcás nach féidir na hearraí a thabhairt chun comhréireachta nó nach bhfuil siad beartaithe le haghaidh próiseáil tionsclaíochta, le húsáid do bheatha ainmhithe nó aon úsáid eile neamhbhia, féadfaidh an comhlacht cigireachta, más gá, iarraidh ar thrádálaithe bearta leordhóthanacha a ghlacadh le háirithiú nach ndéantar na táirgí atá i gceist a mhargú.

Soláthróidh trádálaithe an fhaisnéis go léir a mheasfaidh na Ballstáit a bheith riachtanach um chur chun feidhme na míre seo do na comhlachtaí cigireachta.

4. I gcás go sainaithnítear cleachtais chalaoiseacha nó mheabhlacha fhéideartha i dtaobh na gcaighdeán margaíochta sna seiceálacha comhréireachta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, glacfaidh údaráis inniúla gníomh iomchuí i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/625 agus déanfaidh siad fógraí calaoise a mhalartú i gcomhréir le Rialachán Cur chun Feidhme (AE) 2019/1715.

ROINN 5

Fógraí

Airteagal 11

Fógraí

1. Maidir le Ballstát i gcás go bhfaightear nach bhfuil coinsíneacht ó Bhallstát eile i comhréireach leis na caighdeáin mhargaíochta mar gheall ar fhabhtanna nó mheath a d'fhéadfaí a bhrath ag tráth na pacáistíochta fógra láithreach do na Ballstáit ar dócha go mbeidh siad bainteach, lena n-áirítear iad siúd ina ndearnadh na hearraí a phacáistiú.

2. Maidir le Ballstáit áit ar diúltaíodh go leor earraí ó thríú tír a scaoileadh le haghaidh saorchúrsaíochta mar gheall ar neamhchomhlíonadh leis na caighdeáin mhargaíochta, tabharfaidh siad fógra láithreach do na Ballstáit ar dócha go mbeidh siad bainteach, agus don tríú tír lena mbaineann má tá sé sin liostaithe in Iarscríbhinn IV.

3. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún agus do na Ballstáit eile faoi thorthaí achoimrithe na gcigireachtaí ag na céimeanna uile den mhargaíocht in aon bhliain ar leith faoin 30 Meitheamh an bhliain dar gcionn. Maidir le hallmhairí ó thríú tíortha atá liostaithe in Iarscríbhinn IV, cuimseoidh an fógra sin líon na luchtóg earraí ar diúltaíodh iad a scaoileadh le haghaidh saorchúrsaíochta le linn na bliana roimhe mar gheall ar neamhchomhlíonadh na gcaighdeán margaíochta.

4. Déanfar na seiceálacha dá dtagraítear i mír 3 i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/1183 ón gCoimisiún ([7]).

CAIBIDIL III

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 12

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2025.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 17 Lúnasa 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([7]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/1183 ón gCoimisiún an 20 Aibreán 2017 lena bhforlíontar Rialacháin (AE) Uimh. 1307/2013 agus (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le fógraí a thabhairt don Choimisiún faoi fhaisnéis agus doiciméid (IO L 171, 4.7.2017, lch. 100).

IARSCRÍBHINN I

Sampla dá dtagraítear sa chéad fhomhír d'Airteagal 4(1), pointe (b)

		Caighdeán margaíochta an Aontais Eorpaigh le haghaidh torthaí agus glasraí úra agus bananaí Uimh. (an trádálaí ceadaithe) (Ballstát)

IARSCRÍBHINN II

Deimhniú díolúine ó fhíorú chomhlíonadh na gcaighdeán margaíochta le haghaidh bhananaí dá dtagraítear in Airteagal 4(1), an chéad fhomhír, pointe (c), agus in Airteagal 6(1), an chéad fhomhír, pointe (a)

Trádálaí ceadaithe díolmhaithe (ainm, cuideachta, seoladh):

……

……

Uimhir chlárúcháin arna heisiúint ag an roinn nó ag an gcomhlacht cigireachta inniúil:

……

Roinn nó comhlacht inniúil (ainm, seoladh):

……

Dáta eisiúna an deimhnithe:

……

Tréimhse bhailíochta an deimhnithe:

……

Síniú agus/nó stampa oifigiúil na roinne nó an chomhlachta inniúil:

……

IARSCRÍBHINN III

Deimhniú comhréireachta dá dtagraítear in Airteagal 7(1) agus in Airteagal 10(2) agus (3) i gcás na dtáirgí nach mór iad a bheith i gcomhréir le caighdeáin mhargaíochta an Aontais Eorpaigh

<table>
<tr><td colspan="2">1. Trádálaí</td><td colspan="2">Deimhniú comhréireachta le caighdeáin mhargaíochta an Aontais Eorpaigh is infheidhme maidir le torthaí agus glasraí úra agus bananaí
Uimh ……
(Is lena n-úsáid ag comhlachtaí cigireachta amháin atá an deimhniú seo)</td></tr>
<tr><td colspan="2" rowspan="2">2. Pacálaí arna shainaithint ar an bpacáistíocht (más duine eile seachas an trádálaí atá ann)</td><td colspan="2">3. Comhlacht cigireachta</td></tr>
<tr><td>4. Áit na cigireachta/an tír thionscnaimh ([1])</td><td>5. Áit nó tír chinn scríbe</td></tr>
<tr><td colspan="2">6. Aitheantóir na modhanna iompair</td><td colspan="2">7.
☐ inmheánach
☐ allmhairiú
☐ onnmhairiú
(I gcás bananaí, tagraíonn sé do sheiceálacha ag an gceann scríbe i gcás inarb iomchuí)</td></tr>
<tr><td>8. Pacáistí (líon agus cineál)
-
-</td><td>9. An cineál táirge (cineál má shonraítear sa chaighdeán)</td><td>10. Aice cáilíochta</td><td>11. Glanmheáchan iomlán in kg</td></tr>
<tr><td colspan="4">12. Comhlíonann an choinsíneacht dá dtagraítear thuas, tráth na heisiúna, caighdeáin mhargaíochta an Aontais Eorpaigh atá i bhfeidhm.
……
……
An oifig chustaim atá beartaithe …… Áit agus dáta eisiúna ……
Bailí go dtí (dáta):
……
……
Sínitheoir (ainm i mbloclitreacha):
Síniú …… Séala an údaráis inniúil ……</td></tr>
<tr><td colspan="4">13. Barúlacha</td></tr>
<tr><td colspan="4">([1]) [1] I gcás ina ndéantar na hearraí a athonnmhairiú, léirigh an tionscnamh i mbosca 9.</td></tr>
</table>

IARSCRÍBHINN IV

Tríú tíortha inar formheasadh na seiceálacha comhréireachta i gcomhréir le hAirteagal 9 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2429 agus na táirgí lena mbaineann dá dtagraítear in Airteagal 8 den Rialachán seo

Tír	Táirgí
An Eilvéis	Torthaí agus glasraí úra
Maracó	Torthaí agus glasraí úra
An Afraic Theas	Torthaí agus glasraí úra
Iosrael ([1])	Torthaí agus glasraí úra
An India	Torthaí agus glasraí úra
An Nua-Shéalainn	Úlla, piorraí agus torthaí cíobhaí
An tSeineagáil	Torthaí agus glasraí úra
An Chéinia	Torthaí agus glasraí úra
An Tuirc	Torthaí agus glasraí úra
An Ríocht Aontaithe: — An Bhreatain Mhór — Tuaisceart Éireann ([2])	Torthaí agus glasraí úra

([1]) ([1]) Tugtar formheas an Choimisiúin do thorthaí agus glasraí de thionscnamh Stát Iosrael, seachas na críocha faoi riarachán Iosrael ó mhí an Mheithimh 1967, eadhon Arda Golan, Stráice Gaza, Iarúsailéim Thoir agus an chuid eile den Bhruach Thiar.

([2]) ([2]) I gcomhréir le hAirteagal 6(3) agus Airteagal 7(1) den Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus le hAirteagal 5(4) agus Airteagal 13(1) den Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann a ghabhann leis an gComhaontú sin i gcomhréir le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, chun críocha an Rialacháin seo, baineann tagairtí do Bhallstáit leis an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann. Mar sin féin, i gcomhréir le hAirteagal 7(3) den Phrótacal sin i ndáil le rialacháin theicniúla, measúnuithe, clárúcháin, deimhnithe, ceaduithe agus údaruithe a d'eisigh nó a rinne údaráis Ballstáit eile, nó a d'eisigh nó a rinne comhlacht a bunaíodh i mBallstát eile, níl le tuiscint as tagairtí do Bhallstáit i bhforálacha i ndlí an Aontais a rinneadh infheidhme leis an bPrótacal sin go bhfuil feidhm acu maidir leis an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann a mhéid a bhaineann le rialacháin theicniúla, measúnuithe, clárúcháin, deimhnithe, formheasanna, agus údaruithe a d'eisigh nó a rinne údaráis na Ríochta Aontaithe nó a d'eisigh nó a rinne comhlachtaí a bunaíodh sa Ríocht Aontaithe.

IARSCRÍBHINN V

Modhanna anailíse dá dtagraítear in Airteagal 10(1)(c)

Tá na modhanna cigireachta seo a leanas bunaithe ar fhorálacha na treorach maidir le rialú cáilíochta a chur chun feidhme ar thorthaí agus glasraí úra arna nglacadh ag Scéim ECFE maidir le Caighdeáin Idirnáisiúnta Torthaí agus Glasraí a Chur i bhFeidhm.

1. SAINMHÍNITHE

1.1. **An pacáiste**

Cuid de luchtóg atá pacáistithe ina ceann is ina ceann, lena n-áirítear a bhfuil istigh. Ceaptar an phacáistíocht ionas go n-éascófar láimhseáil agus iompar roinnt pacáistí díolacháin nó roinnt táirgí scaoilte nó socraithe, chun damáiste trí láimhseáil agus iompar fisiceach a chosc. D'fhéadfadh an phacáistíocht a bheith ina pacáiste díolacháin. Ní mheastar gur pacáistí iad coimeádáin bhóthair, iarnróid, loinge ná aerchoimeádáin.

1.2. **Pacáiste díolacháin**

Cuid de luchtóg atá pacáistithe ina ceann is ina ceann, lena n-áirítear a bhfuil istigh. Ceaptar pacáistiú na bpacáistí díolacháin ionas gurb aonad díolacháin é ag an úsáideoir deiridh nó leis an tomhaltóir ag an bpointe ceannaigh.

1.3. **Réamhphacáistí**

Is pacáistí díolacháin iad réamhphacáistí amhail an phacáistíocht lena ndéantar an t-earra bia a iamh go hiomlán nó go páirteach, ach ar bhealach nach féidir a bhfuil istigh a athrú gan an phacáistíocht a oscailt nó a athrú. Ní mheastar gur réamhphacáiste iad scannáin chosantacha lena gcumhdaítear táirgí aonair.

1.4. **Coinsíneacht**

Cainníocht an táirge a bheidh le díol ag trádálaí ar leith a gheofar tráth na cigireachta agus a shaineofar i ndoiciméad. Féadfaidh ceann amháin nó níos mó cineálacha táirgí a bheith i gcoinsíneacht; féadfaidh luchtóg amháin nó roinnt luchtóg torthaí agus glasraí úra, tirime nó triomaithe a bheith inti.

1.5. **Luchtóg**

Cainníocht an táirgthe ag a bhfuil, tráth an iniúchta in aon áit amháin, tréithe comhchosúla maidir leis na nithe seo a leanas:

— pacálaí agus/nó riarthóir,

— an tír thionscnaimh,

— cineál na dtáirgí,

— aicme na dtáirgí,

— méid (más de réir méid a dhéantar na táirgí a ghrádú),

— cineál nó cineál tráchtála (de réir fhorálacha iomchuí an chaighdeáin),

— An cineál pacáistíochta agus cur i láthair.

Mar sin féin, más rud é, le linn na seiceála comhréireachta ar choinsíneachtaí mar a shainmhínítear i bpointe 1.4, nach deacair idirdhealú a dhéanamh idir luchtóga éagsúla agus/ná luchtóga aonair a chur i láthair, féadfar déileáil le gach luchtóg de choinsíneacht shonrach mar aon luchtóg amháin más rud é go bhfuil siad comhchosúil maidir leis an gcineál táirge, leis an riarthóir, leis an tír thionscnaimh, leis an aicme agus leis an gcineál nó leis an gcineál tráchtála, má dhéantar foráil maidir leis sin sa chaighdeán margaíochta ábhartha.

1.6. **Sampláil**

Samplaí comhchoiteanna a tógadh go sealadach ó luchtóg le linn na seiceála comhréireachta.

1.7. **Sampla príomhúil**

Pacáiste a thógtar go randamach ón luchtóg, i gcás táirgí pacáilte nó, i gcás bulctháirgí (luchtú díreach isteach i bhfeithicil iompair nó in urrann den fheithicil sin), cainníocht a thógtar go randamach ó phointe sa luchtóg.

1.8. **Bulcshampla**

Tá roinnt samplaí príomhúla ceaptha a bheith ionadaíoch ar an luchtóg ionas gur leor an chainníocht iomlán chun gur féidir measúnú a dhéanamh ar an luchtóg maidir leis na critéir go léir.

1.9. **Sampla tánaisteach**

Cainníocht chomhionann de tháirgí a thógtar go randamach ón sampla príomhúil.

I gcás cnónna pacáilte, meáfaidh an sampla tánaisteach idir 300 g agus 1 kg. Má tá an sampla príomhúil comhdhéanta de phacáistí ina bhfuil pacáistí díolacháin, is éard a bheidh sa sampla tánaisteach pacáiste díolacháin amháin nó níos mó atá 300 g ar a laghad san iomlán.

I gcás táirgí pacáilte eile, beidh 30 aonad sa sampla tánaisteach, i gcás gur 25 kg nó níos lú glanmheáchan an phacáiste agus nach bhfuil aon phacáiste díolacháin sa phacáiste. I gcásanna áirithe, ciallaíonn sé sin nach mór inneachar iomlán an phacáiste a sheiceáil, mura bhfuil níos mó ná 30 aonad sa sampla príomhúil.

1.10. **Sampla ilchodach (táirgí tirime agus triomaithe amháin)**

Is éard is sampla ilchodach ann meascán, ina bhfuil meáchan 3 kg ar a laghad, de na samplaí tánaisteacha go léir a tógadh ón mbulcshampla. Beidh an toradh sa sampla ilchodach measctha go cothrom.

1.11. **Sampla laghdaithe**

Cainníocht na dtáirgí a thógtar go randamach ón mbulc nó ón sampla ilchodach ag a bhfuil méid atá teoranta don íoschainníocht is gá ach atá leordhóthanach chun gur féidir critéir aonair áirithe a mheasúnú.

Más rud é go scriosfadh an modh cigireachta na táirgí, ní rachaidh méid an tsampla laghdaithe thar 10 % den bhulcshampla nó, i gcás cnónna sa bhlaosc, thar 100 cnó a thógtar ón sampla ilchodach. I gcás táirgí beaga tirime nó triomaithe (i.e. tá níos mó ná 100 aonad san áireamh) ní bheidh an sampla laghdaithe níos mó ná 300 g.

Chun measúnú a dhéanamh ar na critéir maidir le méid na forbartha agus/nó na haibíochta, déanfar an tsampláil de réir na modhanna oibiachtúla a bhfuil tuairisc orthu sa Treoir ar Thástálacha Oibiachtúla chun Cáilíocht Torthaí agus Glasraí agus Táirgí Tirime agus Triomaithe a Chinneadh.

Féadfar roinnt samplaí laghdaithe a thógáil ó bhulc nó ó shampla ilchodach chun comhréireacht na luchtóige a sheiceáil i gcoinne critéar éagsúil.

2. SEICEÁIL CHOMHRÉIREACHTA A CHUR CHUN FEIDHME

2.1. **Barúlacha Ginearálta**

Déanfar seiceáil chomhréireachta trí mheasúnú a dhéanamh ar shamplaí a thógfar go randamach ó phointí éagsúla sa luchtóg atá le rialú. Tá sé bunaithe ar phrionsabal na toimhde go bhfuil cáilíocht na samplaí ionadaíoch ar cháilíocht an luchtóg.

2.2. **Ionad Rialaithe**

Féadfar seiceáil chomhréireachta a dhéanamh le linn na hoibríochta pacála, ag an bpointe seolta, le linn iompair, ag an bpointe glactha, ar leibhéal iomlán an díola agus an mhiondíola.

I gcásanna nach ndéanfaidh an comhlacht cigireachta an tseiceáil ar chomhréireacht ina n-áitreabh féin, cuirfidh an sealbhóir saoráidí ar fáil lena gcumasófar seiceáil comhréireachta a dhéanamh.

2.3. **Luchtóga a shainaithint agus/nó tuiscint ghinearálta a fháil ar an gcoinsíneacht**

Déanfar luchtóga a shainaithint ar bhonn a marcála nó ar bhonn critéar eile, amhail na tásca a leagtar síos i dTreoir 2011/91/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]). I gcás coinsíneachtaí atá comhdhéanta de roinnt luchtóg, is gá don chigire tuiscint ghinearálta a fháil ar an gcoinsíneacht le cabhair ó dhoiciméid tionlacain nó ó dhearbhuithe a bhaineann leis na coinsíneachtaí. Cinnfidh an cigire ansin a mhéid a chomhlíonann na luchtóga a chuirtear i láthair an fhaisnéis sna doiciméid sin.

([1]) Treoir 2011/91/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le tásca nó marcanna lena sainaithnítear an luchtóg lena mbaineann earra bia (IO L 334, 16.12.2011, lch. 1).

Má tá an táirge le luchtú nó má rinneadh é a luchtú ar mhodh iompair, úsáidfear cláruimhir an dara ceann sin chun an choinsíneacht a shainaithint.

2.4. **Cur i láthair na dtáirgí**

Cinnfidh an cigire cé na pacáistí a bheidh le seiceáil. Is é an t-oibreoir a dhéanfaidh an cur i láthair agus áireofar ann cur i láthair an bhulcshampla chomh maith le soláthar na faisnéise uile is gá chun an choinsíneacht nó an luchtóg a shainaithint.

Má bhíonn samplaí laghdaithe nó samplaí tánaisteacha ag teastáil, aithneoidh an cigire iad sin ón mbulcshampla.

2.5. **Seiceáil fhisiceach**

— Measúnú ar an bpacáistíocht agus cur i láthair:

An pacáistíocht, lena n-áirítear an t-ábhar a úsáidtear laistigh den phacáiste, déanfar í a thástáil maidir le hoiriúnacht agus glaineacht i gcomhréir le forálacha an chaighdeáin margaíochta ábhartha. Déanfar é sin ar bhonn samplaí príomhúla, i gcás táirgí a phacáil agus i ngach cás eile ar bhonn na feithicle iompair. Mura gceadaítear ach cineálacha áirithe pacáistíochta nó cur i láthair, seiceálfaidh an cigire cé acu atá nó nach bhfuil siad á n-úsáid.

— Fíorú na marcála:

Seiceálfaidh an cigire an bhfuil an táirge marcáilte de réir an chaighdeáin margaíochta ábhartha. Áireofar leis sin seiceáil ar chruinneas na marcála agus/nó ar mhéid aon leasaithe is gá.

I gcás táirgí a phacáil, déanfar an tseiceáil sin ar bhonn na samplaí príomhúla, i ngach cás eile ar bhonn na ndoiciméad a ghabhann leis an bpailléad nó leis an bhfeithicil iompair.

Torthaí agus glasraí atá clúdaithe ina n-aonar i bplaisteach, ní mheasfar gur bia-ábhar réamhphacáilte iad de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) agus ní gá gur gá iad a mharcáil i gcomhréir leis na caighdeáin mhargaíochta. I gcásanna den sórt sin, féadfar an timfhilleadh plaisteach a mheas mar chosaint shimplí do tháirgí leochaileacha.

— Comhréireacht an táirge a fhíorú:

Cinnfidh an cigire méid an bhulcshampla ar bhealach go mbeidh sé in ann an crannchur a mheasúnú. Roghnaíonn an cigire na pacáistí a bheidh le hiniúchadh go randamach nó, i gcás bulctháirgí, roghnaíonn sé pointí na luchtóige óna dtógfar samplaí aonair.

Tabharfar aire chun a áirithiú nach ndéanfaidh baint samplaí dochar do cháilíocht na dtáirgí.

Ní úsáidfear pacáistí damáistithe mar chuid den bhulcshampla. Cuirfear ar leataobh iad agus, más gá, féadfar iad a chur faoi réir scrúdaithe agus tuarascála ar leith.

Is éard a bheidh sa bhulcshampla na híoschainníochtaí seo a leanas aon uair a dhearbhófar go bhfuil luchtóg míshásúil nó nach mór scrúdú a dhéanamh ar an riosca nach gcomhlíonfaidh táirge an caighdeán margaíochta:

Táirge pacáilte	
An líon pacáistí sa luchtóg	Líon na bpacáistí atá le tógáil (samplaí príomhúla)
Suas go 100	5
Ó 101 go 300	7

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir le faisnéis bhia a sholáthar do thomhaltóirí lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1925/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 87/250/CEE ón gCoimisiún, Treoir 90/496/CEE ón gComhairle, Treoir 1999/10/CE ón gCoimisiún, Treoir 2000/13/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 2002/67/CE ón gCoimisiún agus Treoir 2008/5/CE ón gCoimisiún agus Rialachán (CE) Uimh. 608/2004 ón gCoimisiún (IO AE L 304, 22.11.2011, lch. 18).

Ó 301 go 500	9
Ó 501 go 1 000	10
Os cionn 1 000	15 (íosmhéid)

Táirgeadh i mbulc (lódáil dhíreach isteach i bhfeithicil iompair nó in urrann di)	
Cainníocht luchtóige in kg nó líon na mbeart sa luchtóg	Cainníocht na samplaí príomhúla in kg nó líon na mbeart
Suas go 200	10
Ó 201 go 500	20
Ó 501 go 1 000	30
Ó 1 001 go 5 000	60
Os cionn 5 000	100 (íosmhéid)

I gcás torthaí agus glasraí bulcánacha (os cionn 2 kg in aghaidh an aonaid), beidh cúig aonad ar a laghad sna samplaí príomhúla. I gcás luchtóg ina bhfuil níos lú ná 5 phacáiste nó níos lú ná 10 kg, cumhdóidh an tseiceáil an luchtóg ar fad.

Má fhaigheann an cigire amach, tar éis cigireachta, nach féidir teacht ar chinneadh, déanfar seiceáil fhisiceach eile agus tuairisceofar an toradh foriomlán mar mheán an dá sheiceáil.

2.6. **Rialú na dtáirgí**

I gcás táirgí pacáilte, úsáidfear na samplaí príomhúla chun cuma ghinearálta na dtáirgí, an cur i láthair, glaineacht na bpacáistí agus an lipéadaithe a sheiceáil. I ngach cás eile, déanfar na seiceálacha sin ar bhonn na luchtóige nó na feithicle iompair.

Bainfear an táirge go hiomlán óna phacáistíocht le haghaidh na seiceála comhréireachta. Ní fhéadfaidh an cigire é sin a a fhágáil ar lár ach amháin i gcás ina mbeidh an tsampláil bunaithe ar shamplaí ilchodacha.

Déanfar iniúchadh ar aonfhoirmeacht, ar íoscheanglais, ar aicmí cáilíochta agus ar mhéid ar bhonn an bhulcshampla, nó ar bhonn an tsampla ilchodaigh, agus na bróisiúir mhíniúcháin arna bhfoilsiú ag Scéim ECFE maidir le Caighdeáin Idirnáisiúnta Torthaí agus Glasraí a Chur i bhFeidhm á gcur san áireamh.

Nuair a bhraitear fabhtanna, fionnfaidh an cigire céatadán na dtáirgí nach bhfuil i gcomhréir leis an gcaighdeán de réir lín ná meáchain.

Déanfar fabhtanna seachtracha a sheiceáil ar bhonn an bhuilc nó an tsampla ilchodaigh. Is féidir critéir áirithe maidir leis an méid forbartha agus/nó aibíochta nó maidir le fabhtanna inmheánacha a bheith ann nó gan a bheith ann a sheiceáil ar bhonn samplaí laghdaithe. An tseiceáil atá bunaithe ar an sampla laghdaithe, tá feidhm léi go háirithe maidir le seiceálacha a scriosann luach trádála na dtáirgí.

Déanfar na critéir maidir le méid na forbartha agus/nó na haibíochta a sheiceáil trí úsáid a bhaint as na hionstraimí agus na modhanna a leagtar síos chuige sin sa chaighdeán margaíochta ábhartha nó i gcomhréir leis an Treoir ar Thástálacha Oibiachtúla chun Cáilíocht Torthaí agus Glasraí agus Táirgí Tirime agus Triomaithe a Chinneadh.

2.7. **Tuarascáil ar thorthaí rialaithe**

Eiseofar na doiciméid dá dtagraítear in Airteagal 7, i gcás inarb iomchuí.

Má aimsítear fabhtanna as a leanann neamh-chomhréireacht, cuirfear an trádálaí nó a ionadaí ar an eolas i scríbhinn faoi na fabhtanna sin agus faoin gcéatadán a aimsíodh chomh maith leis na cúiseanna le neamh-chomhréireacht. Más féidir an caighdeán a chomhlíonadh trí athrú ar an marcáil, cuirfear an trádálaí nó a ionadaí ar an eolas.

Má aimsítear fabhtanna i dtáirge, sonrófar an céatadán de a bhfuarthas nach bhfuil sé i gcomhréir leis an gcaighdeán.

2.8. **Meath ar luach trí sheiceáil comhréireachta**

Tar éis na seiceála comhréireachta, cuirtear an bulcshampla nó an sampla ilchodach ar fáil don oibreoir nó dá ionadaí.

Ní bheidh sé de cheangal ar an gcomhlacht cigireachta eilimintí an bhuilc nó an tsampla ilchodaigh a scriosadh le linn na seiceála comhréireachta a thabhairt ar ais.